Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 34

# Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais.

Déantar toradh an chaiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair, agus

(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2016 as na leithreasaí nár caitheadh in 2015, faoi na socruithe iarchurtha maidir le géilleadh arna bhunú le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €10.28 milliún dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

## Feidhmeanna a Aistriú

Ullmhaíodh an cuntas de réir na Meastachán Athbhreithnithe don tSeirbhís Phoiblí 2016, agus glacadh san áireamh an t-athrú ar ainm na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go dtí an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil a tháinig i bhfeidhm an 23 Iúil 2016 (IR 394 de 2016) chomh maith leis na haistrithe feidhmeanna seo a leanas:

- aistriú na bhfeidhmeanna gnóthaí tuaithe agus fiontraíocht shóisialta ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (Vóta 33) le héifeacht ón 9 Meitheamh 2016 (IR 308 de 2016), agus

- aistriú na bhfeidhmeanna maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (Vóta 29) le héifeacht ón 22 Iúil 2016 (IR 393 de 2016).

De réir na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag rannóg Chuntasaíochta Rialtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, léirítear sna Meastacháin Athbhreithnithe do 2016 aistriú feidhmeanna na Roinne bunaithe ar bhliain iomlán amháin. Léiríonn an Cuntas Leithreasa, a chaitear a leagan amach de réir foirme agus formáide an mheastacháin chuí, an t-aistriú feidhmeanna bunaithe ar bhliain iomlán amháin. Mar sin, tá gach feidhm maidir le gnóthaí tuaithe agus fiontraíocht shóisialta agus gníomhú ar son na hAeráide agus comhshaoil do 2016 a aistríodh san áireamh i gcuntais leithreasa na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (Vóta 33) agus na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (Vóta 29) faoi seach.

## An Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla***

Tugtar tuairisc ar Cheangaltais Chaipitil atá Infhorghníomhaithe le Dlí ag tairseach €XXXX milliún.

***Íocaíochtaí do Phobal***

Réamhíoctar cistí do Phobal maidir le seachadadh clár áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Gearradh an méid iomlán a íocadh do Phobal sa bhliain le hais na bhfo-cheannteideal ábhartha sa bhliain. (Féach Nóta 6.7).

***Sócmhainní caipitil***

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta, ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 5% in aghaidh na bliana. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas ag 20% in aghaidh na bliana thar 5 bliana, déantar gléasra agus innealra a dhímheas ag 10% in aghaidh na bliana thar 10 mbliana agus déantar trealamh radair a dhímheas thar 15 bliana.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir le córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí  Comhroinnte (Vóta 18) seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhíse comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agamsa i ndáil le seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a chur ar fáil.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm sna seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe maidir le tuairisciú ar gach leibhéal arna shannadh freagracht maidir le bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach cuí a áirithiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe rialacháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air.
- Go ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Go n-oibrítear córas um bainistiú riosca sa Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí ar rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas agus í i mbun ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun cinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha soláthair. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas dhá chonradh (ag sárú €25,000 gan CBL a bheith san áireamh) maidir le glanadh agus lónadóireacht ar luach iomlán €223,000 (gan CBL a bheith san áireamh), conarthaí a bronnadh gan phróiseas iomaíoch ag feitheamh le tabhairt chun críche creatlach tráchtála ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Tá aird ag an Roinn i gcónaí ar rioscaí suntasacha airgeadais agus ar rioscaí eile a bhaineann le gnó via Clár Rioscaí na Roinne. Níl aon rioscaí suntasacha airgeadais ar Chlár Rioscaí na Roinne. Is doiciméad beo é an Clár a choinnítear cothrom le dáta chun aird a thabhairt ar rioscaí nua a aithnítear nó ar athraithe ar rioscaí atá ann cheana féin.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

31 Márta 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíochat, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidlí 4agus 8 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2016 do ghnóthaí áirithe a bhaineann le Vóta 34Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2017

# Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | | 2016 | 2015[1] |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 814,345 | | | |
| | *Barrachas iarchurtha* | 29,000 | 843,345 | 847,483 | 646,329 |
| B | Seirbhísí uisce | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 42,044 | | | |
| | *Barrachas iarchurtha* | 3,000 | 45,044 | 33,970 | 130,700 |
| C | Rialtas Áitiúil | | 415,798 | 418,030 | 272,499 |
| D | Pobal | | 71,106 | 62,384 | 126,662 |
| E | Pleanáil | | 18,903 | 20,750 | 21,383 |
| F | Met Éireann | | 21,709 | 16,409 | 15,410 |
| — | An comhshaol agus bainistíocht dramhaíola | | — | — | 30,315 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 1,383,905 | | | |
| | *Barrachas iarchurtha* | 32,000 | | | |
| | | | **1,415,905** | **1,399,026** | **1,243,298** |
| | *Asbhain* | | | | |
| G | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **26,464** | **19,863** | **45,920** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 1,357,441 | | | |
| | *Barrachas iarchurtha* | 32,000 | | | |
| | | | **1,389,441** | **1,379,163** | **1,197,378** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an méid arna chur i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán aon leithreasaí neamhchaite, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 10,277,444 | 84,020,997 |
| Barrachas iarchurtha [2] | — | (41,078,000) |
| Barrachas le tabhairt suas | 10,277,444 | 42,942,997 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015[1] |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastа** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pánna agus liúntais | 42,610 | 39,721 | 46,350 |
| Ii | Taisteal agus cothú | 969 | 837 | 1,327 |
| Iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,226 | 783 | 798 |
| Iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 961 | 430 | 777 |
| V | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 8,232 | 7,273 | 6,577 |
| Vi | Speansais áitreabh oifige | 1,176 | 281 | 418 |
| Vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 82 | — | 27 |
| | | **55,256** | **49,325** | **56,274** |

[1] Tá san áireamh sa táirgeacht do 2015 costais a bhain leis na cláir a aistríodh go Vóta 33 Ealaíona,Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (€40.5 milliún – clár D) agus Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol (€30.32 milliún – clár C i Vóta 34 roimhe seo)

[2] Níor tugadh anonn an géilleadh iarchurtha ar fad, ar luach €41.08 milliún, ag 31 Nollaig 2015 lena chaitheamh I Vóta 34 mar gheall ar aistriú na bhfeidhmeanna i 2016. Tugadh anonn €32 milliún maidir le feidhm a coimeádadh i Vóta 34. Tugadh anonn an t-iarmhéid a bhí fanta ar luach €9.08 milliún maidir le feidhmeanna a ndéantar soláthar dóibh anois i Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol.

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 1,349,701 | 1,187,024 |
| Pá | | 39,721 | 46,350 |
| Neamhphá | | 9,604 | 9,924 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,399,026** | **1,243,298** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **19,863** | **45,920** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,379,163** | **1,197,378** |
| | | | |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (327) | | |
| Dímheas | 1,120 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | | |
| | | 795 | 83 |
| **Athraithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (79) | (117) |
| | | | |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,237) | | |
| Laghdú ar stoic | 28 | | |
| | | (1,209) | (7) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,378,670** | **1,197,337** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 20,497 | 19,978 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,655 | 3,125 |
| **Costas glan cláir** | | **1,401,822** | **1,220,440** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncai | M | 24 | 19 |
| Vóta 12Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | | 19,256 | 18,567 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 934 | 1,129 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | | 72 | 8 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 211 | 255 |
| | | 20,497 | 19,978 |

Léirítear le “m” gur luach measta nó costas cionroinnte atá san fhigiúr.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 3,314 | 3,561 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 77 | 549 |
| | | **3,391** | **4,110** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.4 | 33,347 | 52,098 |
| Stoic | 2.5 | 173 | 201 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,429 | 3,455 |
| Ioncam fabhraithe | | 6,163 | 5,299 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 598 | 1,627 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **43,710** | **62,680** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,291 | 7,252 |
| Ioncam iarchurtha | | 347 | 769 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 23,748 | 12,649 |
| Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste | 2.8 | 10,197 | 41,076 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **41,583** | **61,746** |
| **Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha** | | **2,127** | **934** |
| **Glansócmhainní** | | **5,518** | **5,044** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **5,518** | **5,044** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 5,044 | 4,988 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 1,389,441 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (10,277) | | |
| Glanvóta | | | 1,379,164 | 1,197,378 |
| Caiteachas (airgead) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 20,497 | 19,978 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 2,655 | 3,125 |
| Coigeartuithe ar shócmhainní caipitil | 2.2 | | 28 | 15 |
| Aistriú sócmhainní chuig Ranna eile | 2.2 | | (48) | — |
| Costas glan cláir | 1 | | (1,401,822) | (1,220,440) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **5,518** | **5,044** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016 | 427 | 256 | 24,934 | 3,489 | 29,106 |
| Breiseanna[1] | 235 | 105 | 551 | 32 | 923 |
| Diúscairtí | — | — | (341) | (64) | (405) |
| Aistrithe chuig Ranna eile [2] | — | — | (664) | (112) | (776) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016 | 662 | 361 | 24,480 | 3,345 | 28,848 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | 24 | 209 | 22,233 | 3,079 | 25,545 |
| Dímheas don bhliain | 12 | 21 | 970 | 117 | 1,120 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (341) | (62) | (403) |
| Dímheas ar aistrithe [2] | — | — | (664) | (64) | (728) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2016 | 36 | 230 | 22,198 | 3,070 | 25,534 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016[3]** | **626** | **131** | **2,282** | **275** | **3,314** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **403** | **47** | **2,701** | **410** | **3,561** |

[1] Ag eascairt as athbhreithnithe leanúnacha sócmhainne cuireadh troscán a soláthraíodh ag Oifig na nOibreacha Poiblí, i mbliain eile roimhe seo, le luach de €28,000, san áireamh i bhfigiúr méideanna breise na bliana reatha.

[2] Aistríodh sócmhainní de thoradh ar aistriú feidhmeanna don Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil. Aistríodh sócmhainní freisin chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhain le ceadúnais iarratais do chóras bainistithe airgeadais Oracle.

[3] Úsáidtear cuid de na sócmhainní atá ar chlár sócmhainní na Roinne seo chun seirbhísí ICT a chur ar fáil don Rannán Oidhreachta sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá próiseas bailíochtaithe agus athbhreithnithe leanúnach ar bun, agus tá sé beartaithe go mbeidh sé críochnaithe in 2017, agus déanfar na sócmhainní sin a aistriú chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta dá bharr.

| **2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2016 | 549 | 432 |
| Coigeartú na bliana roimhe | 79 | 117 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | (551) | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016 | 77 | 549 |

| **2.4 Banc agus Airgead** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 33,167 | 51,970 |
| Iarmhéid agus airgead tirim sa chuntas bainc tráchtála | 180 | 128 |
| | 33,347 | 52,098 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 75 | 98 |
| Ábhar inchaite IT | 43 | 43 |
| Stáiseanóireacht | 46 | 48 |
| Ábhair ghlantacháin | 1 | 2 |
| Eile | 8 | 10 |
| | 173 | 201 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 270 | 310 |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 146 | 158 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 17 | 24 |
| Óinchistí | 4 | 5 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 161 | 1,130 |
| | 598 | 1,627 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 969 | 1,148 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 172 | 167 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 379 | 411 |
| Cáin Bhreisluacha | 142 | 139 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 99 | 36 |
| | 1,761 | 1,901 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 291 | 389 |
| Ciste Forbartha Uirbí[1] | 21,156 | 9,616 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 540 | 743 |
| | 23,748 | 12,649 |

[1] Féach Nóta 7

| **2.8 An glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 10,277 | 42,943 |
| Barrachas iarchurtha | — | 41,078 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (80) | (42,945) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 10,197 | 41,076 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 33,347 | 52,098 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 598 | 1,627 |
| | 33,945 | 53,725 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,761) | (1,901) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (21,987) | (10,748) |
| | (23,748) | (12,649) |
| | 10,197 | 41,076 |

| **2.9 Dliteanais Aibithe** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh amhail an 31 Nollaig | 35 | 31 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **(a) Ceangaltais dhomhanda**[1] | | |
| (i) Fotheidil deontais | 292,700 | 658,462 |
| (ii) Cláir dheontais chaipitil[a] | 335,069 | 502,613 |
| | 627,769 | 1,161,075 |

[1] "Aithnítear [ceangaltais deontais ] nuair a cheadaítear an deontas ach an deontaí a bheith fós chun riachtanais na scéime a chomhlíonadh". Bhí san áireamh i bhfigiúr ceangaltas cláir dheontais chaipitil 2015 roinnt tionscadal a bhí ag an am sin fós i gcéimeanna luatha an phróisis fhaofa de réir Chreatlach Bhainistithe na nOibreacha Caipitil. Ag deireadh 2016, ní raibh thart ar luach €1 billiún de thionscadail tithíochta caipitil aicmithe mar cheangaltais ag céimeanna luatha an phróisis fhaofa.

Níl an Roinn in inmhe riachtanas Chiorclán 29/2016 a chomhlíonadh, is é sin chun nóta a tháirgeadh a leagann amach an ghluaiseacht ar na ceangaltais chláir dheontais chaipitil ós rud é nár eisíodh seo ach ag deireadh 2016 agus níorbh fhéidir leis an Roinn a córas bainistithe airgeadais a leasú ar bhealach siarghabhálach ós rud é go ndéantar ceangaltais a rianú de láimh faoi láthair.

**b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

(Tionscadail lena mbaineann costas €12,697,380 nó níos mó)

| **1 Clár Uisce Tuaithe** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2015** | **Caiteachas 2016** | **Tionscadail Ceangaltais Blianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán measta i saolré an tionscadail 2016** | **Caiteachas iomlán measta i saolré an tionscadail 2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Beart DBO na Gaillimhe, Uimh. 2 | 18,798 | 143 | 29 | 18,970 | 18,970 |
| **2 Tionscadail Tithíochta** | | | | | |
| **Tionscadail Tógála** | | | | | |
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 30,819 | — | 1,069 | 31,888 | 31,888 |
| Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Átha Cliath | 16,424 | — | 53 | 16,477 | 16,477 |
| Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 [1] | 12,036 | 8,330 | 1 | 20,367 | 36,900 |
| Iomlán | 59,279 | 8,330 | 1,123 | 68,732 | 85,265 |
| **Tionscadail Athbheochana** | | | | | |
| Teach Dolphin, Baile Átha Cliath 8[2]. | — | 1,150 | 24,288 | 25,438 | — |
| Iomlán | — | 1,150 | 24,288 | 25,438 | — |

[1] Áirítear i gcaiteachas 2016 cistí €3,913,489 an údaráis áitiúil a coinníodh as an gCáin Mhaoine Áitiúil.

[2] Tionscadal nua a ndeachthas ina bhun in 2016. Áirítear i gcaiteachas 2016 cistí €995,555 an údaráis áitiúil a coinníodh as an gCáin Mhaoine Áitiúil.

[3] D´fhéadfaí ceangaltais na Roinne a laghdú sna blianta atá le teacht má bhíonn an t-údarás áitiúil in inmhe a chuid cistí féin a úsáid ó Choinneáil Chánach Maoine Áitiúla.

**Athraithe suntasacha bliain i ndiaidh bliana**

Tugtar maoiniú thíos i gcás inar tháinig méadú os cionn €500,000 idir 2015 agus 2016 ar cheangaltais ilbhliantúla.

| Tionscadal | Laghdú iomlán ar an gcostas in 2016 €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 | 16,533 | Rinneadh áibhéil maidir le figiúr ceangaltas 2015. Bhí san áireamh ann costais réamh-mheasta roinnt céimeanna nach raibh ina gceangaltais dlí ag an am sin ach a bhí i luathchéimeanna an phróisis fhaofa agus nach raibh céim a ceathair fhaomhadh tairisceana na Creatlaí Bainistithe Oibreacha Caipitil bainte amach acu fós. Tá athchóiriú Halla na Prióireachta fós ag dul ar aghaidh agus tá roinnt rudaí fós i luathchéimeanna an phróisis fhaofa; déanfar ceangaltais díobh seo nuair a bhaineann siad céim a ceathair den fhaomhadh tairisceana amach. |

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Tithíocht** | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 11,168 | 10,090 | 8,218 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,222 | 1,217 | 1,533 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | | 386,680 | 449,037 | 303,261 |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | | | | |
| | *An bhliain reatha* | 143,986 | | | |
| | *Barrachas iarchurtha* | 10,000 | 153,986 | 100,657 | 106,718 |
| A.5 | Tacaíochtaí Cuimsithe Tithíochta | | 80,730 | 96,374 | 73,783 |
| A.6 | Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | | 134,750 | 112,522 | 106,580 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | | 31,500 | 32,299 | 25,028 |
| A.8 | Fóirdheontais agus liúntais | | 4,930 | 2,424 | 3,822 |
| A.9 | Seirbhísí eile | | | | |
| | *An bhliain reatha* | 19,379 | | | |
| | *Barrachas iarchurtha* | 19,000 | 38,379 | 42,863 | 17,386 |
| | | | **843,345** | **847,483** | **646,329** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €4.14 milliún níos mó ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tithíocht údaráis áitiúil | (62,357) | Mar chuid den seachadadh ar an straitéis Tithíochta ´Ag Atógáil Éireann´ rinneadh caiteachas breise ar luach €69 milliún ag údaráis áitiúla, go príomha ar éadáil nua ar an gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta a sheachad 1,646 aonad i gcomparáid le sprioc de 1,059 aonad don bhliain.<br><br>Tabhaíodh caiteachas breise ar luach €10 milliún faoi scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) tar éis méadaithe sna teorainneacha cíosa atá infheidhmithe ar an scéim.<br><br>D´eascair coigilteas ar luach €10 milliún mar gheall ar athrú cur chuige i dtaca leis an Scéim um Chíos Réasúnta, atá anois le tabhairt ar aghaidh ar bhonn tionscadail i ndiaidh tionscadail ar thailte faoi úinéireacht phoiblí.<br><br>D´eascair coigilteas ar luach €6.9 milliún mar gheall ar úsáid chúlchistí na Scéime Cóiríochta Cíosa ag údaráis áitiúla agus mar gheall ar éileamh ar an tionscnamh léasaithe fhadtéarmaigh a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | 53,329 | Bhí caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar an Scéim Cúnaimh Caipitil mar gheall nach ndearnadh an dul chun cinn a bhíothas ag súil leis ar thionscadail. Rinneadh an méid a sábháladh a |

leithdháileadh ar chláir tithíochta eile.

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tacaíochtaí Cuimsithe Tithíochta | (15,644) | Bhí breischaiteachas ann mar gheall go raibh níos mó éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean. |
| Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | 22,228 | Bhí an caiteachas ar bhearta athnuachana agus éiféachtúlachta fuinnimh níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall nach ndearnadh an dul chun cinn ar na tionscadail chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis. Rinneadh an méid a sábháladh a leithdháileadh ar chláir tithíochta eile. |
| Fóirdheontais agus liúntais | 2,506 | Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an laghdú ar líon na n-iarratas ó theaghlaigh ceadaithe faoi na scéimeanna Tithíochta Inacmhainne agus úinéireachta comhroinnte. |
| Seirbhísí eile | (4,484) | Bhí caiteachas breise €7.6m i gceist mar gheall ar oibreacha leasúcháin a bhain le roinnt tionscadal breise faoin scéim um leasúchán piríte.<br><br>Sábháladh €2.2m mar gheall nár tugadh isteach an Tionscnamh Náisiúnta Glacadh ar Lámh chomh tapa is a bhíothas ag súil leis.<br><br>Sábháladh €1m eile a bhain leis an Scéim Chosanta Taiscí a bhunú mar gheall gur theastaigh na forálacha dlí ábhartha a athbhreithniú chun cuntas a fháil ar athraithe sa mhargadh cíosa agus chun aon fheabhsúcháin ar an tsamhail reatha do scéim den chineál sin a aithint. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Seirbhísí Uisce** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | | 3,999 | 4,736 | 4,824 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | 976 | 962 | 973 |
| B.3 | Clár infheistíochta seirbhísí uisce | | | 13,200 | 11,563 | 13,589 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | | | 17,535 | 15,305 | 16,881 |
| B.5 | Imeall trá | | | 4,000 | 723 | 110 |
| B.6 | Deontas Caomhnaithe Uisce | | | 300 | 673 | 94,323 |
| B.7 | An Deontas Feabhsúcháin/An Straitéis Náisiúnta um Luaidhe. | | | | | |
| | | *An bhliain reatha* | 2,000 | | | |
| | | *Barrachas iarchurtha* | 3,000 | 5,000 | 8 | — |
| B.8 | Seirbhísí eile | | | 34 | — | — |
| | | | | **45,044** | **33,970** | **130,700** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €11.07 milliún ní b'ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Clár infheistíochta seirbhísí uisce | 1,637 | Rinneadh coigilteas mar gheall nach ndearnadh dul chun cinn mar faoi mar a bhíothas ag súil leis maidir le cur i bhfeidhm na gclár beartas faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí. |
| Clár uisce tuaithe | 2,230 | Rinneadh coigilteas mar gheall nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa sin faoi mar a bhíothas ag súil leis maidir le leathadh amach Chlár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe. |
| Imeall trá | 3,277 | Bhí an caiteachas maidir le costais dhlíthiúla, luachálacha agus teagmhais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Deontas Caomhnaithe Uisce | (373) | Bhí caiteachas breise i gceist mar gheall go raibh éileamh níos mó ar líon na n-iarratas ar dheontas ná mar a bhíothas ag súil leis ag teannadh le spriocdháta 2015. Bhain gach íocaíocht a rinneadh i 2016 le hiarratais deontais a fuarthas i dtaca le 2015. Cuireadh an Scéim Deontais Caomhnaithe Uisce ar athló in 2016 mar gheall gur cuireadh na muirir uisce tí ar athló. |
| Deontas Feabhsúcháin - straitéis náisiúnta um luaidhe. | 4,992 | Scéim atá faoi thionchar an éilimh í an Scéim Deontais maidir le Píopaí Luaidhe i dTithe a fheabhsú agus rinneadh coigilteas mar gheall go raibh an líon iarratas a rinneadh níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Rialtas Áitiúil** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 6,446 | 7,412 | 7,925 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 2,045 | 1,954 | 1,703 |
| C.3 | An Ciste Rialtais Áitiúil | 396,555 | 369,555 | 241,100 |
| C.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 9,042 | 9,502 | 6,574 |
| C.5 | Toghchóras | 1,465 | 170 | 1,138 |
| C.6 | Seirbhísí eile | 245 | 2,437 | 14,059 |
| | | **415,798** | **418,030** | **272,499** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €2.23 milliún níos mó ná mar a foráladh dó. harla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | (460) | Bhí caiteachas breise i gceist mar gheall go ndearnadh dul chun cinn níos tapa ná mar a bhíothas ag súil leis ar an gcomhchlár soláthair do 20 fearas dóiteáin. |
| Toghchóras | 1,295 | Rinneadh coigilteas go príomha mar gheall nár tugadh costais dhlíthiúla a d'eascair as ordú Cúirte chun críche. |
| Seirbhísí Eile | (2,192) | Bhí caiteachas breise i gceist mar gheall ar an íocaíocht deiridh ar oibreacha forbartha ilbhliantúla ar Ché Dhúlainn. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Pobal** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | 5,413 | 4,138 | 6,249 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 463 | 467 | 680 |
| D.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 12,387 | 11,267 | 10,794 |
| D.4 | SICAP agus tacaíochtaí forbartha áitiúla/réigiúnacha (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 42,455 | 42,224 | 45,134 |
| D.5 | RAPID | 500 | 32 | 317 |
| D.6 | Bearta na gCuntas Díomhaoin | 4,500 | 803 | 3,346 |
| D.7 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 500 | — | 16,129 |
| D.8 | Clár INTERREG | 511 | — | 227 |
| D.9 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | 657 | 657 | 657 |
| D.10 | Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne | 3,650 | 2,735 | 2,597 |
| D.11 | Seirbhísí eile | 70 | 61 | 35 |
| — | Coimisiún Forbartha an Iarthair | — | — | 1,283 |
| — | Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe | — | — | 3,945 |
| — | LEADAR – fochlár geilleagar tuaithe | — | — | 35,268 |
| — | Comórtas na mBailte Slachtmhara | — | — | 1 |
| | | **71,106** | **62,384** | **126,662** |

[1] Tá san áireamh i bhfigiúr comparáideach 2015 íocaíochtaí ar luach €40.50 milliún a bhaineann le feidhmeanna atá aistrithe anois go Vóta 33 Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €8.72 milliún ní b'ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 1,120 | Scéim atá faoi thionchar an éilimh í Scéim Foláireamh na Seanóirí agus rinneadh coigilteas mar gheall go raibh an líon iarratas níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Rinneadh coigilteas breise mar gheall nach ndeachaigh an Scéim Tacaíochta Iomarcaíochta Pobail ar aghaidh. |
| RAPID | 468 | Rinneadh coigilteas mar gheall go raibh an caiteachas a rinne comhlachtaí poiblí eile a bhí le comh-mhaoiniú faoin scéim níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Bearta na gCuntas Díomhaoin | 3,697 | Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall nár chuir údaráis áitiúla Tionscnamh Gateway i bhfeidhm chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis agus mar gheall go rabhthas mall ag tarraingt |

anuas Chiste Nuálaíochta Sóisialta Éireann.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 500 | Níor iompraíodh aon chaiteachas mar gur tháinig deireadh le Clár PEACE III ag deireadh 2015 agus mar gheall nach ndearnadh dul chun cinn ar na tionscadail faoi Chlár PEACE IV mar a bhíothas ag súil leis. |
| Clár INTERREG | 511 | Níor iompraíodh aon chaiteachas mar gheall gur tháinig deireadh le Clár INTERREG IV ag deireadh 2015 agus mar gheall nach raibh Clár INTERREG V ach ag céim roghnaithe tionscadail in 2016. |
| Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne | 915 | Rinneadh coigilteas mar gheall ar an moill a bhí ar údaráis áitiúla tús a chur leis na tionscadail caipitil leabharlainne agus iad a chur chun cinn. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **E** | **Pleanáil** | | | |
| E.1 | Riarachán – pá | 1,632 | 1,729 | 1,506 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 183 | 210 | 101 |
| E.3 | An Bord Pleanála | 14,533 | 14,333 | 15,036 |
| E.4 | An Binse Pleanála[1] | 1,645 | 3,755 | 4,740 |
| E.5 | Oifig an Rialálaí Pleanála | 300 | — | — |
| E.6 | Beartas Pleanála | 155 | 376 | — |
| E.7 | Pleanáil Chun Cinn | 345 | 318 | — |
| E.8 | Seirbhísí eile | 110 | 29 | — |
| | | **18,903** | **20,750** | **21,383** |

[1] Féach nóta 6.2

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €1.85 milliún níos mó ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Binse Pleanála | (2,110) | Theastaigh maoiniú breise chun costais dhlíthiúla tríú páirtí a chlúdach a d'eascair as obair an Bhinse Pleanála. |
| Oifig an Rialálaí Pleanála | 300 | Níor iompraíodh aon chaiteachas mar gheall nár achtaíodh an Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2016 chun Oifig an Rialálaí Pleanála a bhunú. |
| Beartas Pleanála | (221) | Bhí caiteachas breise i gceist maidir le córas ríomh-phleanála a fhorbairt idir an Roinn agus earnáil an rialtais áitiúil. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **F** | **Met Éireann** | | | |
| F.1 | Riarachán - pá | 13,952 | 11,616 | 12,147 |
| F.2 | Riarachán - neamhphá | 7,757 | 4,793 | 3,263 |
| | | **21,709** | **16,409** | **15,410** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár F €5.30 milliún ní b'ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 2,964 | Rinneadh coigilteas mar gheall nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis ar an Tionscadal Uathoibrithe agus Nuachóirithe Eitlíochta (AMAP). |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gCabhair | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 1,830 | 1,421 | 2,506 |
| 2. | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith áitreabh atá in úsáid i ndáil le hÁrachas Sóisialach [an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005] | 741 | 741 | 741 |
| 3. | Fáltais Met Éireann | 10,200 | 10,828 | 9,242 |
| 4. | Fáltais Ilghnéitheacha | 200 | 380 | 836 |
| 5. | Fáltais Imeall Trá | 2,100 | 1,834 | 2,163 |
| 6. | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 4,000 | 503 | 9,973 |
| 7. | Cuntais Dhíomhaoine – caiteachas cláir | 4,500 | 803 | 2,595 |
| 8. | SICAP - clár infheidhmithe uilechuimsitheachta sóisialta agus pobail | 181 | 181 | — |
| 9. | Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | 2,712 | 3,172 | 5,664 |
| — | *Cuntais Dhíomhaoine – riarachán*[1] | — | — | 750 |
| — | *LEADER – caiteachas clár geilleagar tuaithe*[1] | — | — | 11,450 |
| | **Iomlán** | **26,464** | **19,863** | **45,920** |

[1] Tá san áireamh i bhfigiúr comparáideach 2015 fáltais ar luach €12.2 milliún a bhaineann le feidhmeanna atá aistrithe anois go Vóta 33 Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

**Athraithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal ina raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 409 | Eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a thugtar iniúchtaí chun críche. Bhí an t-ioncam níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr líon táillí iniúchta gan íoc amhail an 31 Nollaig 2016. |
| Fáltais Met Éireann | (628) | Bhí suim na bhfáltas níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhéadú ar sheirbhísí meitéareolaíocha agus muirir chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann. |
| Fáltais Ilghnéitheacha | (180) | Bíonn sé deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar agus bhí siad níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo. |
| Fáltais Imeall Trá | 266 | Bíonn sé deacair fáltais imeall trá a thuar go hiontaofa agus bhí siad níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo. |

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 3,497 | Ní dheachaigh dúnadh an Chláir PEACE III ag an gCoimisiún Eorpach agus an íocaíocht deiridh a fháil chun cinn mar a bhíothas ag súil leis. |
| Cuntais Dhíomhaoine – caiteachas cláir | 3,697 | Baineann an fáltas seo le haisghabháil caiteachas cláir a d'eascair faoi D.6 ó Chiste na gCuntas Díomhaoin (Bearta na gcuntas díomhaoin). Bhí caiteachas D.6 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis in 2016 mar gheall nár chuir údaráis áitiúla Tionscnamh Gateway i bhfeidhm chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis agus mar gheall go rabhthas mall ag tarraingt anuas an Chiste Nuálaíochta Sóisialta Éireann. |
| Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | (460) | Bhí méadú ann mar gheall ar níos mó asbhaintí a bhain le pinsean a thabhairt isteach ná mar a bhíothas ag súil leis ó fhoireann na Roinne agus ó ghníomhaireachtaí stáit faoina chúram. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Aisíoc faoi Thithíocht Údarás Áitiúil - Scéim Ceannacháin Dara Láimhe ó roinnt udarás aitiúil | 1,280 | — |
| Fuascailt tionscadal arna mhaoiniú faoin Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta | 551 | 196 |
| Íocaíocht faoin Acht um Réiteach Piríte 2013 | 325 | 484 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha | 37 | 33 |
| Scéim trádála astaíochtaí[1] | — | 52,183 |
| Fáltais ón gCiste Hatherton ón Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | — | 1,000 |
| Aisíocaíocht ón mBanc Domhanda/ ón mBanc Eorpach Infheistíochta | — | 710 |
| Aisíocaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | — | 117 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (2,193) | (54,723) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

[1] Tá fáltais bhreise 2016 atá iníoctha leis an Státchiste don scéim trádála astaíochtaí i Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol, mar gheall ar aistriú fheidhmeanna gníomhaithe aeráide agus comhshaoil (IR 393 ó 2016).

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | | | |
| | Roinn | 647 | 721 |
| | Gníomhaireachtaí | 324 | 681 |
| | | 971 | 1,402 |

Tá san áireamh i líon na foirne ag deireadh na bliana i ngníomhaireachtaí na Roinne baill fhoirne ó roinnt gníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú Státchiste go díreach. Léiríonn na figiúirí do 2016 struchtúr na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí tuairiscithe tar éis aistriú 2016 na bhfeidhmeanna.

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| **Foireann na Roinne** | **€000** | **€000** |
| Pá | 35,134 | 41,532 |
| Severance/redundancy payments | 122 | — |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 294 | 315 |
| Liúntais eile | 1,604 | 1,745 |
| Ragobair | 537 | 442 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,195 | 2,497 |
| **Pá iomlán** | **39,886** | **46,531** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre [1]

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht Aonair 2016 €** | **Uasíocaíocht Aonair 2015 €** |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 58 | 8 | 15,314 | 18,313 |
| Liúntais eile | 145 | 70 | 26,732 | 25,759 |
| Ragobair | 111 | 16 | 27,819 | 20,347 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 76 | 68 | 41,072 | 41,326 |

[1] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luacha saothair eile thuasluaite le foireann na Roinne a íocadh go díreach ón Vóta faoi chláir A go F. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i gcás ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na tuarascálacha bliantúla iomchuí nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar chonradh téarma seasta tar éis comórtas oscailte ar chostas iomlán €91,902 a raibh lacáiste i bhfeidhm air.

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

€23,245 an ró-íocaíocht tuarastail a bhí i gceist amhail an 31 Nollaig 2016 maidir le 27 gcás (2015 €16,476, 12 cás). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm do 11 chás acu.

**5.4 Scaoilíocaíocht/Iomarcaíocht**

Le linn 2016, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta do sheachtar iarbhall foirne de chuid an Aire ar foirceannadh a gcuid fostaíochta leis an athrú Rialtais, ar luach iomlán €27,252 chomh maith le scaoilíocaíochtaí ar luach iomlán €94,869

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Áirítear ar an toradh a léirítear i bhfocheannteidil A.6, D.7 agus D.8 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Áirítear ar an toradh a léirítear i bhfocheannteideal D.4 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa. Mar seo a leanas a bhí meastacháin maidir le cistiú agus toradh ón AE, bunaithe ar chaiteachas agus ar rátaí cómhaoinithe.

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fotheideal** | **Cur Síos** | | | |
| A.6 | Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | 7,425 | 7,425 | 5,741 |
| D.4 | SICAP agus tacaíochtaí forbartha áitiúla/réigiúnacha (Páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,000 | 2,807 | 3,834 |
| D.7 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 273 | — | 8,790 |
| D.8 | Clár INTERREG | 383 | — | 170 |
| — | *LEADER – fochlár geilleagair tuaithe* | — | — | 28,487 |
| | | 11,081 | 10,232 | 47,022 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach anuas go deireadh 2016 | 2016 Toradh | 2015 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Fiosrúcháin ar Nithe agus Íocaíochtaí áirithe Pleanála | 1997 | 119,775 | 3,755 | 4,740 |

Beidh tuilleadh íocaíochtaí a bhaineann leis an mBinse Fiosrúcháin ar Nithe agus Íocaíochtaí áirithe Pleanála le híoc. Ní féidir costais deiridh a chinneadh go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. B'ionann an caiteachas go deireadh na bliana 2016 agus €119.8 milliún. Ar bhonn meastachán binse agus ar bhonn caiteachais go deireadh na bliana 2016, d'fhéadfadh costais bhreise €39 milliún teacht aníos, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dhlíthiúil tríú páirtí.

**6.3 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta**

| | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fotheideal** | **Cur Síos** | | | |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | 750 | — | 200 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | 5,391 | 5,391 | 4,150 |
| D.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 8,487 | 7,285 | 6,881 |
| D.4 | SICAP agus tacaíochtaí forbartha áitiúla/réigiúnacha (Páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,100 | 3,005 | 4,569 |
| | | 16,728 | 15,681 | 15,800 |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag:
https://www.housing.gov.ie/corporate/finance/national - lottery-funding/national-lottery-funding

**6.4 Costais Dlí**

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **An Líon Cásanna** | **Cúiteamh dáfa** | **Costais Dhlíthiúla dáfa** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh ó eagraíochtaí / daoine seachtracha | 8 | 2,721 | 865 | 3,586 | 3,290 |
| | | 2,721 | 865 | 3,586 | 3,290 |

Rinneadh íocaíocht cúitimh €2,519,148 a íoc tar éis breithiúnas Ard-Chúirte maidir le socrúchán babhtála talún le cuideachta tógála tithe faoin tionscnamh tithíochta inacmhainne ag teacht le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**6.5 Dliteanas Teagmhasach**

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhír na ndliteanas ionchasach neamhchinnte.

**6.6 Ús ar Íocaíochtaí Déanacha**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis | 12 | 2 |
| Líon na bhFaighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | — | — |

**6.7 Íocaíochtaí le Pobal**

De réir beartas cuntasaíochta na Roinne, gearradh an méid iomlán a íocadh le Pobal sa bhliain (€10.346 milliún) chuig na focheannteidil ábhartha mar a leagtar amach thíos.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Focheannteideal** | **Tuairisc** | | |
| D.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,605 | 4,764 |
| D.4 | SICAP agus tacaíochtaí forbartha áitiúla/réigiúnacha (Páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,595 | 13,130 |
| D.6 | Bearta Cuntais Dhíomhaoine | 146 | 2,379 |
| — | *LEADER – fochlár geilleagair tuaithe* | — | 1,720 |
| | | 10,346 | 21,993 |

An 31 Nollaig 2016, bhí Iarmhéideanna €2.54 milliún fabhraithe ag Pobal i ndáil le cláir a chuireann sé i bhfeidhm don Roinn (2015: €4.16 milliún).

**6.8 Díscríobh**

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe €30,661 i ndáil le dhá lacáiste iomarcaíochta a híocadh faoin gClár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail a dhíscríobh.

## 7 Cuntas an Chiste Forbraíochta Uirbí

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid Tosaigh | 9,616 | — |
| Fáltais | 11,540 | 9,616 |
| Caiteachas don bhliain | — | — |
| | 21,156 | 9,616 |

Is clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) é an Ciste Forbraíochta Uirbí ar ann dó chun tacú le tionscnaimh athghiniúna comhtháite i lárionaid ainmnithe uirbeacha. Feidhmítear an scéim ag Tionóil Réigiúnacha ar Údaráis Bhainistithe iad atá freagrach as fíorú caiteachais incháilithe ar thionscadail fhaofa. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (faoi threoir ag an Údarás Bainistithe agus faoi réir ag fíorú uaidh) chun údaráis áitiúla a chúiteamh ar bhonn cistí comhfhreagracha. Rinneadh breithniú faoi iarratais incháilitheachta faoin gCiste i Mí na Nollag 2015 agus táthar ag súil leis go gcuirfear na tionscadail i gcrích laistigh de thrí bliana – faoi dheireadh 2018. Léiríonn an t-iarmhéid creidmheasa sa Chiste réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil ó CFRE, ag feitheamh le héilimh fhíoraithe a fháil maidir leis na tionscadail ábhartha.